



26/11/2021

Gaeilscoil Thaobh na Coille

Doras Feasa Fiafraí

Focal ón bPríomhoide : Covid-19 - Ar Scáth a Chéile a Mhairimid

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil libh go léir as cé chomh díograiseach is atá sibh ag cloí lenár bprótacail Covid-19. Ba mhaith liom moladh a leith a thabhairt daoibh as cé chomh cúramach is atá sibh gan bhúr bpaistí a chur ar scoil nuair nach mbíonn siad ar fónamh - bíodh gur Covid-19 atá ann nó nach ea. De réir mar atá rátaí ionfhabhtaithe Covid-19 ag ardú caithfidh leanúint ar aghaidh ar a bheith chomh hairdeallach agus a bhí riamh. Is é an rud deireanach a theastaíonn ó aon duine againn ná go mbeadh orainn fillleadh ar an gciánfhoghlaim. Tá Covid-19 ag leathadh sa phobal agus is cuid den phobal sin an scoil. Tá na bearta coiscitheacha uile curtha i bhfeidhm againn chun a chinntiú go bhfuil an scoil chomh sábháilte agus is féidir, ach, má tá Covid-19 sa phobal níl dabht ar bith ach go bhfuil sé sa scoil freisin. Níl aon 'phúdar draíochta' á scaipeadh ar iontráil i bhfoirgneamh na scoile a chuireann stop le scaipeadh an Víreas!

D'fhorbair an Roinn Oideachais agus FSS, i gcomhar leis an Roinn Sláinte, clár ina gcuirfear tástálacha antaigin ar fáil do na páistí i bpod bunscoile, áit a ndearnadh tástáil PCR ar pháiste sa pod a raibh toradh dearfach COVID-19 uirthi. Tá an clár seo le tosú ar an 29 Samhain. Níl aon treoirilínte nó eolas shonrach faighte ag bainistíocht na scoile fós maidir le cur i bhfeidhm an chlár seo ach a luaithe a fhaighimid eolas ar bith cuirfidh sibh ar an eolas faoi. Cuirim leis seo achoimre ar phreasráiteas an Aire Oideachais faoin gclár seo (féach thall), chun tuairim ghinearálta a thabhairt daoibh ar a bhfuil i gceist leis.

Beidh cloiste agaibh freisin trí na meáin go bhfuil géarchéim ionadaíochta i mbunscoileanna na tíre i láthair na huaire. D'éirigh linn aghaidh a thabhairt faoi seo go dtí seo i mbliana trí úsáid a bhaint as ár múinteoirí Tacaíochta Foghlama mar mhúinteoirí ranga nuair nach raibh aon ionadaí ar fáil (38 uair cheana i mbliana). In ainneoin dearbhú an Aire go bhfuil 200 post breise ionadaíochta curtha ar fáil le roinnt seachtainí anua, is beag múinteoir atá ar fáil chun na folúntais sin a líonadh agus níl ionadaithe ar fáil.

Mar a deir an sean-fhocal is 'Ar scáth a chéile a mhairimid' – leanaimís orainn ag obair le chéile chun scaipeadh an víris seo a chiorrú a oiread agus is féidir linn.

Thank you all for your continued diligence and compliance to our Covid-19 protocols. I would especially like to praise you for the precautionary approach you have been taking in not sending your children to school when they are unwell – be it Covid-19 symptoms or other. As the Covid-19 infection rates soar we have to continue to be as vigilant as ever. The last thing any of us want is a return to remote learning. Covid-19 is spreading in the community and the school is part of that community. We have put all the preventative measures in place to ensure that school is as safe as can be, however, if Covid-19 is in the community it most certainly will be in the school. There is no 'magic fairy dust' on entry to the school building that eliminates the spread of the Virus!

The Department of Education and the HSE, working in collaboration with the Department of Health, have developed a programme in which antigen tests will be made available to the children in a primary school pod, where a child in the pod has had a PCR test that detected COVID-19. This programme is due to commence on the 29th of November. School management has yet to receive any specific guidelines or information on the implementation of this programme but once we do we will inform you of same. I include a summary of the Ministers press release about this programme (overleaf), to give you a general idea of what it entails.

You will also have heard through the media that there is a serious substitution crisis in primary schools at the moment. We have managed so far this year by using our Learning Support teachers as classroom teachers when no substitutes were available (38 times already this year). Despite the Ministers assurance that 200 extra positions have been allocated to the substitution panels, there are very few teachers available to fill those vacancies and it is impossible to get subs.

As the seanfhocal says 'Ar scáth a chéile a mhairimid' – lets continue to work together to curtail the spread of this virus in as far as is possible.

Is mise le mór-mheas

Tástáil Antaigin i mBunscoileanna

Ráiteas ón Aire Foley agus ón Aire Sláinte Stephen Donnelly maidir le socruithe do chóras nua tástála antaiginí ar dhlúth-theagmhálacha neamhshiomptómacha i mbunscoileanna:

D'fhorbair an Roinn Oideachais agus FSS, i gcomhar leis an Roinn Sláinte, clár ina gcuirfeadh tástálacha antaigin ar fáil do na leanaí i bpod bunscóile, áit a ndearnadh tástáil PCR Covid-19 dearfach ar leanbh. Sa chás go dtarlaíonn dhá chás dearbhaithe nó níos mó de COVID-19 i rang, laistigh de thréimhse seacht lá, lasmuigh de phod amháin, tairgfear tástáil antaigin don rang iomlán. Seolfaidh FSS na tástálacha chuig tuismitheoirí na leanaí. Tosóidh an clár an 29 Samhain.

Conas a oibreoidh an clár:

Nuair a fhaigheann tuismitheoir toradh tástála dearfach PCR COVID-19 ar a leanbh, ba chóir dóibh príomhoide na scoile a chur ar an eolas faoi laithreach.

Cuirfidh príomhoide na scoile in iúl do thuismitheoirí na leanaí i bpod an cháis gur dlúththeagmhálaithe iad le cás dearbhaithe COVID-19. Ní roinnfeadh ainm an cháis nó aon sonraí eile faoi/fuithi. Tabharfaidh sé deis dóibh tástálacha antaigin a ordú ón gcomhlucht dáileacháin.

Seolfar na tástálacha antaigin sa phost ag tuismitheoirí na leanaí sa phod ainmnithe sin.

Beidh ar na tuismitheoirí an tástáil antaigin a dhéanamh ar an lá a fhaigheann siad é agus gach dara lá ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh trí thástáil déanta ar an bpáiste.

Is féidir leis na páistí sa phod leanúint ar aghaidh ag freastal ar scoil chomh fada is go bhfuil siad neamhshiomptómach agus nach bhfuarthas tortha dearfach ar a dtástáil antaigin.

Má léiríonn tástáil antaigin linbh toradh dearfach:

Má tá an tástáil antaigin dearfach, is gá don pháiste aonárú sa bhaile agus is ceart do thuismitheoir / chaomhnóir an pháiste dul i dteagmháil leis an FSS chun tástáil PCR a iarraidh. Déanfaidh an comhlucht dáilte tástála antaigin líon na dtástálacha antaiginí a dháiltear, uimhreacha baic agus ainmneacha na scoileanna ábhartha a thairgeadh.

Má fhorbraíonn leanbh comharthaí COVID-19:

Má fhorbraíonn leanbh comharthaí COVID-19 ar bith ba chóir dóibh leithlisiú sa bhaile agus tástáil PCR COVID-19 a eagrú. Níl fiúntas ar bith sa tástáil antaigin do leanbh síntómach is gá dóibh tástáil PCR a fháil.

Má thagann dhá chás nó níos mó chun cinn i rang, lasmuigh de phod amháin:

I gcás ina dtagann dhá chás nó níos mó chun cinn i rang, laistigh de thréimhse seacht lá, lasmuigh de phod amháin, tairgfear tástáil antaigin don rang iomlán.

Antigen Testing in Primary Schools

Statement from Minister Foley and Minister for Health Stephen Donnelly regarding Arrangements for a new system of antigen testing of asymptomatic close contacts in primary schools:

The Department of Education and the HSE, in collaboration with the Department of Health, have developed a programme in which antigen tests will be made available to the children in a primary school pod, where a child in the pod has had a PCR test that detected COVID-19. Where two or more confirmed cases of COVID-19 occur in a class, within a seven-day period, outside of a single pod, antigen testing will be offered to the full class. The tests will be sent to the children's parents by the HSE. The programme will commence on the 29 November.

How the programme will work:

When a parent receives a 'detected'/positive PCR COVID-19 test result on their child, they should notify the school principal immediately.

The school principal will inform the parents of the children in the case's pod that they are close contacts of a confirmed COVID-19 case. The name or details of the case will not be shared.

The school principal will identify the children in the case's pod, and inform their parents, offering the opportunity to order antigen tests from the distribution company.

The antigen tests will be posted to the parents of the children in the pod.

Parents carry out the antigen test on the day that they receive it and every second day until three tests have been done.

The children in the pod can continue to attend school as long as they remain asymptomatic and their antigen test results remain not detected.

If a child's antigen test indicates a positive result:

If an antigen test is positive, the child isolates at home and the child's parent/guardian logs onto the HSE to request a PCR test.

The antigen test distribution company will record the numbers of antigen tests distributed, batch numbers and the names of the relevant schools.

If a child develops symptoms of COVID-19:

If at any stage a child becomes symptomatic they should isolate at home and organise a COVID-19 PCR test if indicated. A 'not-detected' antigen test holds no value in this situation of a symptomatic child.

If two or more cases arise in a class, outside a single pod:

In a case where two or more cases arise in a class, within a seven-day period, outside of a single pod, antigen testing will be offered to the full class.



Parking Issues

Gaelscoil Thaobh na Coille has been contacted by Management of Stepside ETNS to inform us that they have been having problems recently with some parents from Gaelscoil Thaobh na Coille parking in Educate Together's school carpark.



Some Gaelscoil Thaobh na Coille parents have been pulling into Stepside ETNS in the morning and letting their children out, to then cross over to our Gaelscoil Thaobh na Coille. Some parents pull into the set-down area and others actually park up and walk their children to our school gate. On one occasion a car drove in the wrong way through the one way system. When the parent was approached by ETNS's caretaker the reaction was less than positive.

There are similar problems in the afternoon. Last week one car drove through ETNS's set down area, parked in the middle of the exit gate and the mother got out of the car to cross the road to get her children.

Understanding that the majority of parents wouldn't ever dream of doing this we are asking anyone who is parking on ETNS's school grounds to be respectful of the parking protocols that have been agreed by both schools and not do so in the future.

Fadhbanna Páirceála

Rinne Bainistíocht Stepside ETNS teagmháil le Gaelscoil Thaobh na Coille chun a chur in iúl dúinn go raibh fadhbanna acu le déanaí le roinnt tuismitheoirí Gaelscoil Thaobh na Coille atá ag páirceáil i gcarrchlós scoile Educate Together.

Tá roinnt tuismitheoirí de chuid na Gaelscoile ag tarraingt isteach ar lathair Stepside ETNS ar maidin agus ag ligean a bpáistí amach ansin roimh trasnú sall go Gaelscoil Thaobh na Coille. Tarraingíonn roinnt tuismitheoirí isteach sa limistéar tuirlingthe agus páirceálann daoine eile agus siúlann siad a gcuid páistí sall chuig geata na Gaelscoile. Ar ócáid amháin thiomáin carr sa treo mícheart ar an gcóras aon bhealach. Nuair a chuaigh airíoch ETNS chun cainte leis an tuismitheoir sin ní ró-dheas nó ró-dhearfach a bhí an chumarsáid eadarta.

Tá fadhbanna den chineál céanna ann um thráthnóna. An tseachtain seo caite thiomáin carr amháin trí limistéar tuirlingthe ETNS, páirceáil an tiománaí i mbéal an gheata imeachta agus d'éirigh an tiománaí as an gcarr chun an bóthar a thrasnú chun a páistí a bhailiú ón nGaelscoil.

Tuigimid go rí-mhaith nach smaoiníodh formhór na dtuismitheoirí riamh ar a leithéid seo a dhéanamh ach taimid ag impí ar aon duine atá ag páirceáil ar thailte scoile ETNS meas a bheith acu ar na prótacail pháirceála atá i bhfeidhm mar atá aontaithe ag an dá scoil agus éirí as a bheith á dhéanamh seo.

Ar Scáth a Chéile a Mhairimid

Cruinnithe Tuistí & Múinteoirí

Buíochas le tuismitheoirí uile na scoile as bhúr gcomhoibriú do na cruinnithe Tuismitheoirí & Múinteoirí a eagraíodh le déanaí. Is mór an chreidiúint daoibh an lán-tinreamh ar bhí ag na cruinnithe agus an spéis a léiríonn sibh in oideachas agus i bhforbairt bhúr bpáistí. Buíochas freisin leis na Múinteoirí ar fad as an obair ullmhúchána a rinne siad do na cruinnithe agus na laethanta fada oibre a chur siad isteach ionas go mbeadh an deis acu cruinniú a bheith acu le tuismitheoir(i) gach dalta dá gcuid.



Parent & Teacher Meetings

Thank you to all of you parents for your co-operation during the recent Parent & Teacher meetings. The full attendance at the meetings and the interest you show in your children's education and development is a great credit to you. Thanks also to all the Teachers for their preparatory work for the meetings and the long working days they put in so that they would have the opportunity to have a meeting with the parent (s) of each and everyone of their students.

Céad Chomaoineach R4A & R4B



23/10/2021



Boscaí Bróg na Nollag



Gabhann Team Hope míle buíochas leo siúd ar fad a líon boscaí bróg lán le bronntanais le bronnadh ar pháistí atá ar an ngann chuid, in Oirthear na hEorpa agus san Afraic. **214** bosca bróg ar fad a líon pobal Ghaelscoil Thaobh na Coille d'fheachtas **Boscaí Bróg na Nollag** Team Hope.



Christmas Shoebox Appeal

Team Hope would like to say a huge thank you to all the families in Gaelscoil Thaobh na Coille who donated gift-filled shoeboxes to children affected by poverty in Eastern Europe and Africa. A total of **214** shoeboxes were filled by the school community for the Team Hope **Christmas Shoebox Appeal**.



Seachtain na hEolaíochta

Bhí tionscnaimh agus turgnaimh i ngach áit an tseachtain seo i Mí na Samhna, nuair a thug an scoil faoi seachtain na hEolaíochta. Déarfainn go bhfuil Einstein nó dhó ar an mbealach!

Science Week

There were all kinds of experiments and tests happening during science week in November. I reckon we will have an Einstein or two in the making.



R6B Kian



R4A Seán



R3A Oilibhéar

Piocadóirí Bruscair Picker Pals

Tá rang 1A ag glacadh páirt sa chlár comhaoil 'Picker Pals'. Forbraíonn Picker Pals feasacht na bpáistí agus freagracht an phobail maidir le ceist an bhruscair. Tógann na páistí Picker Pals abhaile leo ar a seal. Tá an páicáiste seo comhdhéanta de na huirlisí go léir a theastaíonn chun bailiúchán bruscair gairid teaghlaigh a dhéanamh le tuismithmeoir nó duine fásta. Chaith R1A maidin álainn an Aoine seo caite ag bailiú bruscar timpeall na scoile.

The pupils in R1A are participating in the 'Picker Pals' environmental program. 'Picker Pals' develops children's awareness and public responsibility on the issue of litter. The children take it in turns to take 'Picker Pals' home. This package is made up of all the tools needed to make a easy for the family to go out and undertake a short clean-up of the local area. R1A spent a beautiful morning last Friday collecting rubbish around the school.



DJ don Lá DJ for a Day



Comhgháirdeachas le Caia Ní Chionnaith Nic Óiste (N2B) ar a tús mar láithreoir ar an gclár raidió 'DJ for a Day' ar RTE Radio Junior. Ba í Caia a bhí mar láithreoir ar an gcéad chlar den tsraith úrnua seo inar chuir sí ocht gcinn de na hamhráin is fearr le í láthair sular seinneadh iad. Craoladh clár Chaia ar an Satharn an 7 Samhain ag 4pm. Nár laga Dia thú a Chaia, bhí tú ar fheabhas.

Is féidir éisteacht siar leis an gclár tré chliceáil ar an nasc seo thíos:
<https://www.rte.ie/radio/rteirradio/clips/11356747/>



Congratulations to Caia Ní Chionnaith Nic Óiste (N2B) on her debut as a radio presenter on RTE Radio Junior's 'DJ for a Day' programme. Caia was first up to DJ in this brand new series where she introduced and played eight of her favourite songs. Caia's programme was broadcast on Saturday the 7th November at 4pm. Nár laga Dia thú a Chaia, bhí tú ar fheabhas.

You can listen back to the programme by clicking on the following link:
<https://www.rte.ie/radio/rteirradio/clips/11356747/>



Seachtain na Matamaitice Maths Week

Bhí Seachtain na Matamaitice ar siúl an tseachtain díreach roimh an mbriseadh meántearma. I measc na n-imeachtaí bhí comórtas ceardaíochta scoile, siúlóidí Mata, comórtas Súile na Matamaitice, dúshláin Izak 9 agus cluichí Mata á dhéanamh ag daltaí uile na scoile. Comhghairdeas leis na buaiteoirí uile sa chomórtas ceardaíochta.

The pupils enjoyed participating in the many maths events during National Maths Week just before the midterm break. Among the activities was a maths-based crafts competition, maths walks, maths eyes competitions, Izak 9 challenges and many other class-based maths games. Congratulations to the winners of the maths crafts competition.



Robby Róbó - R6A Oisín, Holly & Leon

“Nuair a bhí Robby Róbó díreach tógtha sa saotharlann bhris Mamaí Róbó agus Daidí Róbó síos. D’fhág na hoibrithe sa saotharlann é agus thosaigh sé ag briseadh síos freisin. Tar éis tamaill rinne sé an chinneadh éalú ach ní raibh a chosa ag obair. Go tobann fuair sé scairdphaca agus thosaigh sé ag tógáil cosa nua”



Ró-Bó - R6B Tríona & Alannah



R2B Caoilinn Townsend



R4B Harry Mac Seoín



N2B Ethan Mac Donnchadha

Bliots Peile Rang a 1 First Class Football Blitz

Ghlac breis agus 400 buachaill agus cailín ó ranganna a 1 i scoileanna an cheantair páirt i mbliots peile eagraithe ag CLG Naomh Olaf ag tús na míosa. Ba iad na scoileanna a ghlac páirt ná Scoil Náisiúnta Naomh Olaf, Gaelscoil Thaobh na Coille, Scoil Náisiúnta na Tríonóide Naofa, Scoil na Croise Naofa, Scoil Naomh Muire, Scoil Bhanríon na nAingeal, Gaelscoil na Fuinseoige agus Scoil Náisiúnta Oideachas le Chéile Bhaile an tSaoir. Buíochas le Chloé Ní Cheallaigh (CLG Nmh olaf as an imeacht iontach seo a eagrú agus buíochas freisin leis na mic léinn Idirbhliana Mol an Óige a rinne traenáil agus réiteoireacht ar na cluichí.

Congratulations and thank you to the over 400 first class boys and girls from local schools participated in Naomh Olaf's First Class Participation Blitzes earlier in the month. The schools that took part were St Olaf's National School, Gaelscoil Thaobh na Coille, Holy Trinity National School, Holy Cross School, St Mary's School, Queen of Angels, Gaelscoil na Fuinseoige and Ballinteer Educate Together NS. Thanks to Chloé Ní Cheallaigh (Nmh Olafs) for organising this great event also to the Mol an Óige TY students who coached and refereed the games.



Cad Faoi na Tuismitheoirí? RTÉ One Dé Luain 29 Samhain 7.30pm



Beidh Evelynn O'Rourke Iriseoir, craoltóir agus máthair beirt, agus múinteoir agus athair beirt pháiste óg Rónan Mac Niallais (iar-Mhúinteoir in Gaelscoil Thaobh na Coille), ag cur an sraith nua teilifíse dhátheangach, ceithre pháirt seo i láthair. Déanfar plé ar an gclár ar na saincheisteanna agus na dúshláin is coitianta a bhíonn ag tuismitheoirí go laethúil in Éirinn. Cibé an itheoirí dúshlánacha iad, páistí a chodlaíonn go héadrom, páistí atá ró-thógtha le scáileáin nó imní óige, beidh an clár seo ag caint le daoine a chuaigh tríd na fadhbanna céanna iad féin agus le daoine eile nach bhfuil a fhios acu conas aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo.

Beidh inniúchadh á dhéanamh ag na láithreoirí ar conas aghaidh ar na dúshláin seo agus beidh comhairle ar fáil ar gach rud ó dhíthocsainí digiteacha go conas leanaí a thógáil le bheith aireach ar an gcomhshaol.

Is fiú súil a chaitheamh ar an gclár nua seo - nodanna tuimtheoireachta & cleachtadh ar an nGaeilge san aon chlár amháin!

Journalist and mother of two Evelynn O'Rourke and broadcaster, teacher, and father-of-two Rónan Mac Niallais (former Múinteoir in Gaelscoil Thaobh na Coille), team up for this new four-part bilingual lifestyle series, which is all about unravelling the most common issues and challenges that parents face on a daily basis in Ireland. Whether it is fussy eaters, light sleepers, screen addiction or childhood anxiety, there are those people who have been there and got the T-shirt, and there are those unsure of how to face these issues. The team is eager to dive right in, addressing the do's and don'ts when it comes to advice on everything from digital detoxes to raising children to be mindful of the environment.

It might be worth watching, you never know you might pick some parenting tips as well as brushing up on your Gaeilge – two for the price of one!



Scéalta Beaga Ranga

N1A : Tá N1A ag foghlaim faoi na cruthanna 2T sa mhata faoi láthair - Ciorcal, Cearnóg, Dronnuilleog agus Triantán.

N1B : Tá N1B ag obair go dian ar na fónaicí sa Ghaeilge faoi láthair. Tá an-obair go deo á dhéanamh acu ar scoil agus tá an múinteoir an-sásta leo.

N1C : Tá N1C ag foghlaim faoi na hathruithe ar fad sa timpeallacht thart orainn. Tá na duilleoga ag titim go talamh agus tá na crainn lom.

N2A & N2B : Tá rang N2A agus N2B ag cur dráma ranga le chéile faoi láthair, Cinnín Óir agus na Trí Bhéar. Tá na páistí ag baint an-sult as an gcanadh agus an aisteoireacht! Tá siad ag déanamh obair bunaithe ar an téama seo san Aistear chomh maith, tá siad ag-tógtha le 'Tá an leite seo ró-the!' a rá!

R1A & R1B : Ghlac R1A & R1B páirt i mblíots peile le scoileann eile an cheantair le déanaí (*féach alt & grianghraif roimhe seo sa nuachtlitir*)

R2A : Tá deartháir nua ag Sadhbh Ní Bhrádaigh - Tadhg is ainm dó. Tá sí an-sásta deartháir nua a bheith aici mar go raibh teach lán de chailíní aici do dtí seo!

R2B : Tá cos gortaithe ag an Múinteoir Ní Fhicheallaigh agus tá buatais mór ar a cos clé. Bíonn uirthi níos mó ama a chaitheamh ina suí agus í i mbun an ranga dá bharr ach tá na páistí ar fad sa rang fíor-chineálta agus ag tabhairt an tacaíocht agus cabhair di.

R3A & R3B : Tá daltaí R3A & R3B ag baint an-sport agus spraoi as na ceachtanna snámha a thosaigh siad an tseachtain seo chaite. Tá siad ag súil go mór freisin leis an gCéad Chomaoineach a ghlacadh ar an Satharn seo chugainn an 4 Nollaig.

R4A : Tá tionscnaimh tíreolaíochta bunaithe ar Chontaetha na hÉireann á dhéanamh ag R4A sa rang. Tá gach páiste ag díriú ar choate éagsúil agus tá an-chuid eolais á bhailiú acu faoi tír dá bharr.

R4B : Is Zúeolaithe iad R4B am mhí seo. Tá tionscnaimh á dhéanamh acu ar ainmhithe an domhain faoi láthair.

R5A : Tá an-iarracht déanta ag na daltaí i R5A agus iad ag tabhairt faoi 'procedural Writing' sa bhéarla agus an-chaighdeán bainte amach acu ar fad.

R5B : Bíonn gach duine ag súil go mór leis an Aoine i R5B mar go mbíonn páistí éagsúla ag bÁCáil sa bhaile trathnóna Déardaoin agus tugann siad cibé rud a bhácaíl siad isteach le roinnt ar an rang ar an Aoine. Bíonn an príomhoide ag súil go mór leis an Aoine freisin mar go n-éiríonn leí cuid de na cácaí deasa a bhlaiseadh freisin!

R6A : Beidh Ellie, Juliette agus Lóla ag freastal ar cheardlann damhsa ag an 'Performing Arts Festival' san RDS an deireadh seachtaine seo. Beidh Abby Lee Miller i mbun an ranga. Is as Los Angeles í Abby Lee Miller agus tá clú uirthi mhuinteoir damhsa, córagrafóir, agus réalt-pearsantacht teilifíse.

R6B : Tá R6B díreach taréis an t-úrscéal 'Wonder' le RJ Palacio a chríochnú. Rinne siad tuairisc leabhar a scríobh agus thug siad marcanna an-ard dó mar gur thaitin an leabhar go mór le gach duine.

